

**an
post**

Éire Níos Sona agus Níos Sláintiúla faoi cheann 2030

Do sheans chun páirt a ghlacadh!


Naíonáin Bheaga agus Mhóra



Cad atá ar siúl sna pictiúir?




Conas is féidir le hlompar in Éirinn bail níos sona agus níos sláintiúla a chur orainn mar phobal?



Cad atá ar siúl sna pictiúir?



Conas is féidir le Fuinneamh in Éirinn bail níos sona agus níos sláintiúla a chur orainn mar phobal?




an
post

Cad atá ar siúl sna pictiúir?




Conas is féidir le leas a bhaint as cur ar chumas daoine eile páirt a ghlacadh bail níos sona agus níos sláintiúla a chur orainn mar phobal?



Cad atá ar siúl sna pictiúir?



Conas is féidir le Bithéagsúlacht in Éirinn bail níos sona agus níos sláintiúla a chur orainn mar phobal?



Litir Shamplach

Éist agus tarraing ansin na codanna is ansa leat d'Éire 2030.

Tá Pól 12 bhliain d'aois. Tá sé ar an saol sa todhchaí.

Seo chugaibh an méid atá le rá aige!



A pháistí sna Naíonáin Bheaga agus Mhóra,

Beannachtaí ón Todhchaí! Paul is ainm dom agus táim ar an saol sa bhliain 2030.

An bhfuil a fhios agaibh cé mhéad bliain atá le dul idir seo agus sin? Sin é go díreach é – tá sé i gceann 7 mbliana. Beidh tú ar comhaois liom um an dtaca sin, le cúnamh Dé.

Éist liom agus inseoidh mé duit faoin domhan sláintiúil sona ina bhfuilim i mo chónaí! Ar an gcéad dul síos, is beag carr a d'fheicfeá ar an mbóthar anois agus tá an t-uafás rothar le feiceáil. Má tá carr ag duine caithfidh sé nó sí é a phlogáil isteach roimh dhul a chodladh le go mbeadh sé ag luchtú i rith na hoíche. Tá i bhfad níos lú torainn agus truaillithe um an dtaca seo ós rud é go mbíonn gach duine ag rothaíocht anois agus go mbaintear leas i bhfad níos mó as seirbhísí bus agus traenach.


Tá gach duine sona sláintiúil freisin de réir dealraimh. Déanann mo chairde agus mé féin deimhin de gur féidir le gach duine páirt a ghlacadh inár gcluichí ag am sosa agus tugaimid cuairt ar na seandaoine inár gceantar. Éiríonn siad uaigneach uaireanta agus is deas an rud é mar sin a bheith in ann áthas a chur orthu.

Tá níos mó crann á gcur againn agus tá bail níos sláintiúla ar an timpeallacht mórthimpeall orainn. Bíonn seisiún mór bailithe bruscair againn gach Satharn le gur féidir leis na hainmhithe agus na plandaí inár gceantar maireachtáil go sona sábháilte.

Is iontach go deo a bheith beo sa todhchaí! Sula mbaileoidh mé liom, an bhféadfá cabhrú liom? Níl le déanamh agat ach na rudaí is ansa leat sa todhchaí a tharraingt agus a rá le daoine conas is féidir leo bail níos sláintiúla agus níos sona a chur ar Éirinn.

Go raibh maith agat agus feicfidh mé go luath thú.

Paul



an
post

an post

